Conaire Mór

Seacht nDoras na Cinniúna

DIARMUID JOHNSON

LEABHAR BREAC

An Chéad Eagrán 2017
© Diarmuid Johnson 2017

ISBN 978-1-911363-12-5

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht do Leabhar Breac

Faigheann Leabhar Breac airgead ón gComhairle Ealaíon

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

I

Rí oirearc a bhí i dTeamhair fadó darbh ainm Eochaidh Feidhleach. Agus maidin aoibhinn earraigh dár éirigh an rí sin go moch meanmnach dá leaba leathan luachra, chuir sé air a léine is a chlóca, chaith baslach fuaruisce lena éadan, agus amach leis faoi na coillte craobhacha ag fiach is ag seilg ar an bhfia is ar an torc. Thug sé leis buíon dá chuid dea-laochra féin, dhá chú seang siúlach lena thaobh, capaill mhaithe faoi na fir, dhá shleá an duine acu, agus claíomh dian chun sáite. Ní fada gur scaip an ceo is an cuisne, agus gheal an spéir go smólghorm os cionn na ngleann.

Ag marcaíocht go bríomhar dó i measc a chuid fear ó dhoire go doire, ó mhuine go muine, agus ó mhóinéar go móinéar, thug Eochaidh Feidhleach suntas is athshuntas don eala álainn aolbhán a bhí ar snámh san aer os cionn na gcrann tamall siar ó thuaidh uaidh. Bhí muince óir faoi bhráid an éin ag lonnrú faoi sholas na gréine. Thug an rí taitneamh súl don eala agus, le linn dó a bheith á féachaint go cianmhar uaidh, labhair an corn seilge go glórach ina

ghaobhar. Lig an dá chú glam santach astu, ghríosaigh na fir a gcuid capall, agus thug lán na buíne díobh léim bonn araon i ndiaidh na creiche.

D'fhan Eochaidh Feidhleach ar fhód ar leith. Láimh leis an áit sin ar bhruach na habhann, chonaic an rí rud a bhain an réim reatha as a dhá bhonn, ógbhean sciamhach ag cíoradh is ag cóiriú ghruaig a cinn cois linne faoi bhun an easa in ógsholas na tréanmhaidne. Bhí brat cas corcra uirthi síos go talamh. Biorán airgid i mbinn an bhrait. Muince óir faoina bráid. Léine den síoda uaine uirthi agus ciumhais fuaite uirthi ar dhath an óir dheirg. Folt fada flúirseach uirthi. A cuid fiacla chomh geal le sneachta aonoíche, a dhá mala chomh dubh le clúmh an fhiaigh, agus dath na gcaor ar a béal mín. Bean chomh gruaghlan súilghlas léi níor facthas riamh ar dhroim an tsaoil. Nuair a chuala sí tafann na gcon agus callán na seilge, thóg sí a ceann. Bhí rí na Teamhrach ina sheasamh tamall siúil uaithi ar cholbha na coille agus é ag baint lán an dá shúil aisti.

'Cé thú féin?' ar sé, ag druidim ina leith go tomhaiste.

'Is mise Éadaoin. Ón sí a tháinig mé chugat. Is fada mé ag feitheamh ort, a Eochaidh,' ar sí.

Bhain an ghrian splanc solais as an muince a bhí faoina bráid.

'Cá bhfios duit céard is ainm domsa?' ar seisean.

'Is iomaí fear a shíl mo bhréagadh, is iomaí leannán sí, is iomaí flaith is taoiseach tuaithe a shíl cleamhnas a dhéanamh liom,' arsa Éadaoin. 'Ach chuala mé iomrá ortsa, do chlú is do cháil, agus thug mé grá éagmaise duit nuair nach raibh ionam ach páiste. Is leat mo lámh thar feara Fáil.'

'Is ait liom do scéal, a bhean ón sí chugam, ach más amhlaidh atá, is leat mo láimhse,' arsa Eochaidh, 'agus ní mian liom féin ach an ní is mian leatsa.'

'Is maith sin,' arsa Éadaoin, 'ach sula ndéantar cleamhnas ná cumann eadrainn, geall dom nach mbeidh easpa ná ocras orm, fuacht ná faitíos, faoi dhíon do thí an dá lá is an fhaid a mhairfimid i bhfochair a chéile.'

'Geallaim sin, a Éadaoin,' arsa Eochaidh, 'Agus beirim luach trí scór bó duit, cúigear ban freastail, cíor airgid le do thromfholt gruaige a chíoradh, agus unsa óir in aghaidh gach ribe den chasfholt flúirseach céanna.'

Tharla amhlaidh. Rug Éadaoin mac sula raibh bliain caite. Tugadh Conaire ar an mac. Agus ba nós an uair sin mac rí a chur ar altramas in aois a dhá

bhliain. Is éard ba mhian le hEochaidh a mhac Conaire a chur ar altramas le triúr oidí ionas go mbeadh trí bhua aige. Cuireadh fios ar an Donn Déise, agus beartaíodh Conaire óg a chur ar altramas le triúr mac an Doinn Déise. Bhí go maith. Ach sular cuireadh mac an rí faoi chúram is faoi choimirce chlann mhac an Doinn Déise, thug Éadaoin an rí ar fhód faoi leith gur labhair leis go soiléir sothuigthe i dtaobh chinniúint an mhic.

'Ná déanadh Conaire fiach ar éin go deo. Ón sí a thig ceol na n-éan, agus is ón sí dom féin,' ar sí. 'Ná caitheadh sé urchar leo, ná maraíodh sé éan ar bith lena bheo. Is de shliocht na n-éan é féin,' ar sí.

D'fhan an rí ina thost.

Is ansin a cuireadh Conaire ar altramas le triúr mac an Doinn Déise, agus is uathu sin a d'fhoghlaim sé bua na héisteachta, bua an amhairc, agus bua an áirimh; bua an duine ón triúr. Agus de réir mar a bhí Conaire ag teacht in aois is in inmhe, chaitheadh sé an lá le triúr mac an Doinn Déise, seal le fiach, seal le ficheall, agus seal le foghlaim. D'ithidís ceathrar a gcuid bia in éineacht lena chéile. Léine is bríste, clóca is coisbheart orthu triúr a bhí ar aon dul agus ar aon

dath lena chéile. A gcuid capall ar aon dealramh lena chéile. Sleá is sciath an duine acu a bhí ar aon déanamh lena chéile.

D'éirigh Conaire aníos ina ógánach luath láidir, stuaim ina láimh, grinneas ina shúil, agus foighid ina chroí. D'fhoghlaim sé na seacht gcleasa gaisce, chuir sé eolas ar chrainn na coille, ar gach luibh dá laghad, ar bhéarla na n-éan, agus ar rún na réalt agus na gealaí. D'fhoghlaim sé cleas an chrainn tabhaill, cleasa sleá is carbaid dá réir. Chuir sé barr ar an trí bhua, áireamh, éisteacht agus amharc, agus ní fada go raibh sárú a chuid oidí ann, agus sárú gach oide sa tír.

Agus lá dá raibh sé ag iascach ar bhradáin in uisce glé na Life, chuala sé torann na gcrúb ag teacht ina leith anoir aduaidh, marcach faoi dheifir agus capall mear sna cosa in airde faoi. Bhain an marcach tarraingt as an adhastar, agus chuir gairm ar Chonaire go sollúnta.

'Scéala agam duit, a Chonaire,' ar sé.

'Abair leat.'

'Scéala báis, mo léan. Ní mhaireann t'athair. Ó d'imigh do mháthair uaidh bliain go ham seo, is dúbhrónach a bhí. Ní fios cén áit a bhfuil Éadaoin. Facthas eala bhán os cionn na Teamhrach an lá a ndeachaigh sí ó thuairisc ar an rí. Bhris sí a chroí. Aréir is ea a lig sé an osna dheiridh.'

Tháinig triúr mac an Doinn Déise ar an láthair ó chuala siad torann na gcrúb an gleann anuas.

'Cén scéala?' ar siad.

'Ní mhaireann m'athair,' arsa Conaire.

'Is mithid duit filleadh ar Theamhair, a Chonaire,' arsa an teachtaire. 'Tá an tarbhfheis á gairm, agus déanfaidh an saoi a luí feasa anocht go bhfoilsítear dó cé hé an rí nua.'

Thug an teachtaire bun an dá sháil don chapall, agus thug aghaidh soir ó thuaidh ar Theamhair ar Shlí Chualann.

'Téimis go Teamhair,' arsa Fear Leice, an mac ba shine a bhí ag an Donn Déise.

'Is mithid sin,' arsa Fear Gar, an dara duine.

'Brostaímis orainn,' arsa Fear Rún.

'Téigíse romham,' arsa Conaire. 'Tiocfaidh mise go Teamhair anocht.'

D'imigh triúr mac an Doinn Déise leo i dtreo na Teamhrach, agus chas Conaire béal a charbaid féin soir i dtreo Átha Cliath. D'imir an lasc go héadrom ar an mbromach capaill a bhí idir an dá leathlaí aige, agus ghluais soir go réidh le bruach na habhann.

Trí thráth tar éis bhás Eachach Fheidhligh is ea a

maraíodh an tarbh i gcomhair na feise. Sleá mhór faoi bhun na cluaise agus suas trí cheartlár na hinchinne. Feannadh an beithíoch sula raibh an croí fuaraithe ann. Roinneadh an fheoil, líonadh mias leis an bhfuil, agus cuireadh tine fúithi leis an anraith a réiteach. Scaradh craiceann an tairbh ar an bhfaiche agus cuireadh cheithre bhior tríd sa talamh síos. Slata sailí, iad sáite sa bhfód glas, agus iad fuaite ina chéile os cionn an chraicinn, sin mar a tógadh bothán na tarbhfheise. Láib agus tuí ar na slata. Bhíothas faoi réir don oíche, don taibhreamh, agus don tarbhfheis.

Ba é Seanchán an fear feasa. Ba leis-sean a sháith d'fheoil an tairbh a ithe, agus a sháith den anraith a ól. Ba leis-sean síneadh ar sheiche an tairbh faoin díon sailí is tuí. Agus an té a nochtfaí dó i dtaibhreamh, an té a d'fhoilseofaí dó i mbrionglóid, sin é an té a thiocfadh i gcomharbacht i dTeamhair ar Eochaidh Feidhleach, sin é an té a bheadh ina rí ar chlanna Gael. Dá gcanfadh an fear feasa gó, dá dtabharfadh sé éitheach, dá ndéanfadh sé bréag, bhrisfeadh racht fola thar a bhéal. Níor chan, níor thug, níor dhúirt. Is í ortha na fírinne a chan Seanchán Saoi.

'Feoil amh an tairbh, is í is fearr chun léargais.'

Chuir sé mír eile feola ina bhéal.

'Fuil te an tairbh, is í is fearr chun feasa.'

D'ól sé bolgam eile den anraith. Isteach leis an saoi sa mbothán sailí. Bhí slua na Teamhrach cruinn ar an bhfaiche agus ceist na brionglóide ag baint na hanála astu.

Lean Conaire air an bealach soir le Life. Is gearr go bhfaca sé iontas, éin mhóra ilbhreaca ar foluain san aer tamall uaidh. Bhrostaigh sé an capall agus phreab an carbad go luaimneach faoi. D'éalaigh na héin leo soir. Thug an t-ógánach gríosadh don each. Soir leis na héin fós. Brostú agus gríosadh arís, ach cér chrua an siúl, bhí na héin chun cinn air. Shroich sé an cladach ó dheas de bhun Life. Is ann a ghléas sé a chrann tabhaill. Bhí na héin mhóra ilbhreaca breis agus fad urchair uaidh os cionn an tríú tonn. Chaith sé cloch leo. Thit an chloch i bhfarraige. An dara cloch. Urchar in aisce. Amhlaidh don tríú cloch. D'éist Conaire leis an lámhach.

'Is dona duit fiach a dhéanamh orainne,' arsa éan díobh.

'Cé thú féin?' arsa Conaire.

‘Mise Neamhluan,’ arsa an t-éan. ‘Is neach de do mhuintir féin atá ionam, agus níl éan inár measc nach de do mhuintir féin é. Agus is d’éanlaith an tsí sinn, amhail do mháthair, agus is teir duitse fiach a dhéanamh orainne go brách.’

‘Teir? Sin rud nárbh eol dom go dtí anois,’ arsa Conaire.

‘Triall leat go Teamhair anocht,’ arsa Neamhluan. ‘Is é is cirte duit. Tá tarbhfheis á caitheamh ann, agus is tusa an rí a ghairmfear dá barr. Fear lomnocht ag siúl na slí go Teamhair i dtús na hoíche agus cloch i gcrann tabhaill aige, sin é a nochtfar i dtaibhreamh don fhear feasa, agus is tusa an té sin. Siúil leat anois, a Chonaire.’

Ní túisce an briathar sin ráite ag Neamhluan ach d’éirigh ceo de dhroim na mara agus chuaigh na héin ó léargas ar an ábhar rí.

Dún na Teamhrach míle slí ó thuaidh. An lá ag éag. Lóchrainn ar lasadh i ndoras an dúin. Trácht na gcos ar an bhfaiche i ndiaidh na tarbhfheise. Sheas Conaire i bhfianaise an dúin gur cheangail a chapall de chrann fuinseoige i leataobh na slí. Bhain de a léine is a chlóca, a chrios is a choisbheart. Shiúil

roimhe gan snáth gan folach i dtreo na Teamhrach, coinneal fir sa meathdhorchadas. Ceithre bhóthar a bhí ann go Teamhair. Triúr d'uaisle na tíre ag feitheamh is ag faire ar gach aon bhóthar díobh.

'Is gó a labhair Seanchán,' arsa duine díobh i gcogar leis féin, 'ní ógánach gan féasóg a bheas ina rí orainn i ndiaidh Eachach. Gó!'

Ach ligeadh an chéad éamh. Bhí Conaire chucu ina chraiceann agus a chrann tabhaill i leathláimh aige.

'Chugainn an rí!' arsa Mac Céacht, ceithearnach agus laoch.

'Cuirimis éide an rí air,' arsa Fear Flatha, teachtaire agus feisire.

'Fíor na bhfear, fíor na hortha,' arsa Seanchán, ollamh agus saoi.

Chuathas ina choinne go dílis dúthrachtach, agus gléasadh é mar ba cheart agus mar ba chóir.

'Go maire tú do ríocht, a Chonaire mhic Eachach!'

'Is méanar dom,' arsa Conaire.

Bhí seacht lóchrann déag ar lasadh mórthimpeall na Teamhrach, agus Conaire ina sheasamh ar leic na gairme os cionn na faiche. An ghealach ag scaipeadh a cuid airgid ag bun na spéire ar a chúl. Bhain an reachtaire teaghlaigh blosc as an dord fada umha a